An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní i ndáil le hAirteagail 1 agus 4;

— a ordú don institiúid is cosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena achomharc i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 an Choimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí, atá, go bunúsach, comhionann nó comhchosúil leis na saincheisteanna arna maíomh i gCás T-702/22, *TA* v *an Coimisiún*.

Caingean arna tabhairt an 15 Samhain 2022 — Bourbon Offshore Interoil Shipping v an Coimisiún

(Cás T-721/22)

(2023/C 35/91)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

Páirtithe

Iarratasóir: Bourbon Offshore Interoil Shipping — Navegação, Lda (Funchal, an Phortaingéil) (ionadaithe: S. Fernandes Martins agus M. Mendonça Saraiva, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) — Scéim III, a chur ar neamhní;

— ar chaoi ar bith, gan dochar don éileamh thuas, Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2022/1414 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex 2018/NN) a chur ar neamhní, agus, mar thoradh air sin, go gcuirfear an t-ordú go n-aisíocfaidh na tairbhithe an chabhair, móide ús, ar neamhní;

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, i gcomhréir le hAirteagal 264 CFAE;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear neamhinfheidhmeacht na modheolaíochta arna moladh ag an gCoimisiún Eorpach lena sainmhínítear an coincheap "cruthú post" in FTEnna (coibhéisí lánaimseartha) agus AWUnna (aonaid oibrithe bhliantúla), mar a úsáidtear sna Treoirlínte é maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta i gcomhair na tréimhse 2007-2013 (IO 2006 C 54, lch. 13).

An dara saincheist dlí, lena n-éilítear do-ghlacthacht an ordaithe go n-aisíocfaidh na tairbhithe an chabhair agus go n-íocfaidh siad ús.